An Roinn Oideachais
Department of Education

Ba cheart an Nóta Faisnéise seo a léamh in éineacht le Ciorclán 0042/2021 le Nóta Faisnéise 0002/2022 (athruithe ar COVID-19: Socruithe Saoire Speisialta le Pá ón 7 Feabhra 2022) agus le Nóta Faisnéise TC 0003/2022 (athruithe sealadacha ar Shaoire Thuismitheoireachta don chuid eile de scoilbhliain 2021/22).

**Nóta Eolais TC 0001/2022**

**Chuig: Údaráis bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, agus Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha Aitheanta, agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# COVID-19: Socruithe nuashonraithe maidir le cúrsaí oibre agus saoire ó Eanair 2022 do Mhúinteoirí agus Cúntóirí riachtanais spesialta i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna

## 1. Réamhrá

1.1 Sa Nóta Faisnéise seo tugtar na socruithe maidir le cúrsaí oibre agus saoire COVID-19 le linn na paindéime Covid-19 do mhúinteoirí agus do Chúntóirí Riachtanais Speisialta (fostaithe) i scoileanna aitheanta.

1.2 Leis an Nóta Faisnéise seo déantar ranna áirithe de Chiorclán 0042/2021 a nuashonrú, mar a leagtar amach thíos agus tagann sé in ionad Nóta TC 0027/2021. Áirítear leis seo freisin:

- Aguisín A: Foirm Iarratais Nuashonraithe le haghaidh saoire Speisialta le Pá
- Aguisín B: Treoir d'Fhostóirí, ar achoimre í ar na rialacha nach mór a chur i bhfeidhm i gcúinsí sonracha. Cuireadh an Treoir d'Fhostóirí seo in ionad an leagan den Treoir atá gCiorclán 0042/2021
- Aguisín C: Ceisteanna Coitianta

1.3 Tuigeann an Roinn go bhféadfadh cúinsí sonracha a bheith ann ag an am seo, ina bhfuil gá le níos mó solúbthachta maidir leis an Scéim Saoire Thuismitheoireachta. Ar an mbonn seo, beidh athrú sealadach ar théarmaí agus coinníollacha sonracha na Scéime Saoire Tuismitheoireachta ar feadh tréimhse sonraithe mar a shonraítear i mír 7 thíos.

1.4 Tá na socruithe nuashonraithe seo le cur i bhfeidhm le héifeacht láithreach ag gach fostóir agus caithfidh gach ball foirne i ngach earnáil cloí leo.

## 2. Saoire Speisialta le Pá (COVID-19: Féin-aonrú agus COVID-19: Diagnóis)

2.1 Déantar foráil i mír 2 de Chiorclán 0042/2021 do ghluaiseacht shrianta.

2.2 Faoi réir na gcritéar mar a shonraítear iad, luaitear i mír 2.1.1 de Chiorclán 0042/2021 go ndeonóidh an fostóir saoire speisialta le pá i gcás gur tugadh comhairle d'fhostaí ag FSS/DT féin-aonrú toisc go léiríonn sé airíonna nó go ndearnadh diagnóis go bhfuil COVID-19 air.

2.3 Saoire Speisialta le Pá tosaíonn sé ón dáta a thaispeánann fostaí airíonna COVID-19, nó a fhaigheann sé toradh dearfach tástála antaigine do COVID-19 nó toradh dearfach tástála PCR do COVID-19. Ní féidir leis an bhfostaí freastal ar an ionad oibre agus níl sé ar fáil chun oibre le linn na tréimhse seo.

2.4 Faoin Nóta Faisnéise seo, leasaítear mír 2.1.1 chun a lua go ndeonófar Saoire Speisialta le Pá sa chás go bhfuil ceanglas ar an bhfostaí féin-aonrú a dhéanamh mar seo a leanas:

(a) COVID-19: Féin-aonrú (níl sé riachtanach le haghaidh féin-aonraithe a bheith curtha ar aghaidh chuig dochtúir ginearálta):

- Fostaí a léiríonn airíonna COVID-19.
- Fostaí atá 40 bliain d'aois nó níos óige agus a bhfuil toradh dearfach tástála antaigine do COVID-19 faighte aige. Ní mór don fhostaí fianaise a sholáthar dá fhostóir (m.sh. grianghraf) de thoradh dearfach na tástála antaigine don tréimhse tosaigh de Shaoire Speisialta le Pá (féin-aonrú). I gcás ina bhfuil toradh tástála antaiginí an fhostaí dearfach, ní mór dó tástáil PCR do COVID-19 a shocrú láithreach.
- Maidir le scoileanna nach scoileanna BOO iad, déanann an fostóir an tsaoire sin a thaifeadadh faoi 'Shaoire Phearsanta', 'fo-chatagóir', dar teideal 'COVID-19: Féin-Aonrú' i gcomhréir le Ciorclán 0042/2021. Ní mór do scoileanna BOO an tsaoire seo a thaifeadadh ar a gcóras ábhartha BOO cuí.

nó

(b) COVID-19:Diagnóis

- Fostaí a fuair toradh dearfach tástála PCR do COVID-19. Caithfidh an fostaí fianaise tacaíochta ón FSS a sholáthar don fhostóir maidir le toradh dearfach na tástála PCR do COVID-19, dáta na tástála san áireamh.
- Fostaí atá 39 bliain d'aois nó níos óige agus a bhfuil toradh dearfach tástála antaigine do COVID-19 faighte aige. Ceanglaítear ar dhuine san aoisghrúpa seo a fhaigheann toradh dearfach tástála antaigine do COVID-19 an toradh seo a thuairisciú ar thairseach FSS. Ní mór don fhostaí deimhniú an taifid FSS seo a chur ar fáil láithreach dá fhostóir mar fhianaise tacaíochta (tá gabháil den teachtaireacht téacs ábhartha de chuid FSS mar fhianaise inghlactha).
- Maidir le scoileanna nach scoileanna BOO iad, déanann an fostóir an tsaoire sin a thaifeadadh faoi 'Shaoire Phearsanta', 'fo-chatagóir', dar teideal 'COVID-19: Diagnóis i gcomhréir le Ciorclán 0042/2021. Ní mór do scoileanna BOO an tsaoire seo a thaifeadadh ar a gcóras ábhartha BOO cuí.

2.5 Ní mór na critéir reatha maidir le féin-aonarú, agus mar a tugadh cothrom le dáta iad ag FSS, a leanúint. Féach le do thoil an nasc FSS ag: https://www2.hse.ie/conditions/covid19/restricted-movements/how-to-self-isolate/

2.6 Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil Saoire Speisialta le Pá ar fáil d'fhostaithe incháilithe, chun cuidiú le cosc a chur ar scaipeadh féideartha COVID-19 san ionad oibre. Ní bhaineann an cháilitheacht do Shaoire Speisialta le Pá ach le fostaí a bhí ar an uainchlár nó atá le bheith ag obair agus ní féidir í a ghlacadh in ionad cineálacha eile saoire.

2.7 Sa chás go ndeonaítear saoire speisialta le pá d'fhostaí, féadfaidh an fostóir ionadaí arna íoc ag an Roinn/BOO a cheapadh.

## 3. Gluaiseacht Shrianta (COVID-19: Gluaiseacht Shrianta

3.1 Déantar foráil i mír 3 de Chiorclán 0042/2021 do ghluaiseacht shrianta.

3.2 Caithfear na critéir reatha maidir le gluaiseacht srianta arna nuashonrú ag FSS a leanúint. Féach le do thoil an nasc FSS ag: https://www2.hse.ie/conditions/covid19/restricted-movements/restricted-movements/

3.3 **Ar bhonn na comhairle is déanaí ón FSS, ní gá do go leor fostaithe atá ina ndlúththeagmhálaithe srian a chur ar a ngluaiseachtaí a thuilleadh.** Is ann do thréimhsí éagsúla de ghluaiseachta shrianta, bunaithe ar roinnt fachtóirí, a bhfuil feidhm acu maidir le cúinsí aonair an fhostaí. Tá an chomhairle is déanaí ó FSS maidir le dlúththeagmhálaithe le fáil ag: https://www2.hse.ie/conditions/covid19/contact-tracing/close-contact/.

3.4 Nuair is dlúththeagmhálaí fostaí nach bhfuil airíonna COVID-19 air agus sna cúinsí teoranta sin ina gceanglaítear air srian a chur ar a gcuid gluaiseachta, bunaithe ar an gcomhairle is déanaí ón FSS, ní féidir leis an bhfostaí freastal ar an ionad oibre. Fanann an fostaí ar fáil chun oibre agus ní mór don fhostóir é a éascú don fhostóir oibriú ón mbaile le linn na tréimhse seo, mar atá leagtha amach i gCiorclán 0042/2021, mír 4.6 (Socruithe Malartacha Oibre). Is mar seo a leanas an fhianaise a fhéadfaidh fostóir a ghlacadh. chun tacú le hiarratas an fhostaí oibriú ón mbaile, mar gheall ar an gceanglas atá orthu srian a chur ar a gcuid gluaiseachtaí:

a) Cóip den fhógra teachtaireachta téacs ón FSS ábhartha don fhostaí ina ndeirtear gur dlúth-theagmhálaí é de chás dearbhaithe COVID-19 (bunaithe ar thoradh dearfach na tástála **PCR** do COVID-19).

b) Cóip den fhógra teachtaireachta téacs ón FSS ábhartha don fhostaí ina ndeirtear gur dlúth-theagmhálaí é de chás dearbhaithe COVID-19 (bunaithe ar thoradh dearfach na tástála **antaigine** do COVID-19).

c) D'fhéadfadh cúinsí teoranta a bheith ann, sa chás go bhfuil fostaí ag fanacht ar fhógra FSS, agus sa chás seo tá sé de fhreagracht ar an

bhfostóir a bheith sásta leis an deimhniú cuí a sholáthraíonn an fostaí, sular féidir obair ón mbaile a cheadú.

3.5 Ní mór d'fhostaí ar tugadh comhairle dó/di a g(h)luaiseachtaí a shrianadh an Fhoirm Dearbhaithe a chomhlánú ag Aguisín D de Chiorclán 0042/2021 agus í a chur ar ais láithreach chuig an bhfostóir i dteannta leis an bhfianaise is iomchuí.

3.6 Tá fáil ar an gcomhairle ón FSS maidir leis an gceanglas tástáil antaigine a dhéanamh le linn na tréimhse gluaiseachta siranta ag: https://www2.hse.ie/conditions/covid19/contact-tracing/close-contact/.

3.7 Sa chás go bhfuil fostaí as láthair ar gluaiseacht shrianta, féadfaidh an fostóir ionadaí arna íoc ag an Roinn/BOO a cheapadh.

3.8 Maidir le scoileanna nach scoileanna BOO iad, déanann an fostóir an tsaoire sin a thaifeadadh faoi 'Shaoire Phearsanta', 'fo-chatagóir', dar teideal 'COVID-19: Gluaiseacht Shrianta i gcomhréir le Ciorclán 0042/2021. Ní mór do scoileanna BOO an tsaoire seo a thaifeadadh ar a gcóras ábhartha BOO cuí.

## 4. Measúnuithe Catagóirithe Riosca Sláinte SSC – Scoilbhliain 2021/22

4.1 I gcás go measann fostaí go bhfuil sé/sí i mbaol an-ard ó thinnis thromchúiseach mar gheall ar COVID-19 a ghlacadh, ní mór dó/di an próiseas atá sonraithe i mír 4.1 de Chiorclán 0042/2021 a leanúint.. Ní mór dóibh an Ceistneoir um Measúnú Riosca COVID-19 a chomhlánú anois agus a chur faoi bhráid SSC.

## 5. Taisteal thar lear

5.1 Le haghaidh faisnéise agus rialacha maidir le taisteal idirnáisiúnta, féach gov.ie ag an nasc. Le haghaidh socruithe saoire maidir le filleadh ó thuras thar lear, féach mír 3.2 de Chiorclán 0042/2021.

## 6. Cosaint Sonraí agus RGCS

6.1 Teastaíonn na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil ón Roinn chun próiseáil a dhéanamh ar Shaoire Speisialta le Pá agus ar éilimh maidir le hionadaithe. Tá sonraí iomlána maidir le Beartas Cosanta Sonraí na Roinne ina leagtar amach conas a úsáidfear sonraí pearsanta lena n-áirítear faisnéis maidir le cearta mar ábhar sonraí ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag gov.ie. Tá sonraí maidir le Beartas Cosanta Sonraí BOO ar fáil ón BOO ábhartha.

6.2 Ceadaítear le hAirteagal 6(1)(c) i dteannta le hAirteagal 9 (2)(b) maidir le sonraí catagóirí speisialta (lena n-áirítear sonraí sláinte) den RGCS sonraí catagóir speisialta (lena n-áirítear sonraí sláinte) a phróiseáil ar chúiseanna sláinte agus sábháilteachta. Ina theannta sin, ceadaítear le hAirteagal 6(1)(e) i dteannta le hAirteagail 9 (2) (i), mar aon le halt 53 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, sonraí de chatagóir speisialta (lena n-áirítear sonraí sláinte) a phróiseáil ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail i réimse na sláinte poiblí. Meastar go bhfuil na bearta riachtanach agus comhréireach, agus cuimsítear leo cosaintí amhail rochtain ar na sonraí a theorannú, dianteorainneacha ama le haghaidh scriosadh, agus bearta eile amhail oiliúint leordhóthanach foirne chun cearta cosanta sonraí fostaithe a chosaint. Le haghaidh tuilleadh faisnéise, téigh chuig suíomh gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí.

6.3 In imthosca áirithe, féadfaidh fostóir faisnéis a iarraidh ar fhostaí maidir lena shonraí pearsanta i gcatagóir speisialta COVID-19. Mar shampla, beidh ar fhostaí a iarrann saoire speisialta COVID-19 le pá, a thorthaí tástála COVID-19 (PCR nó antaigine) a sholáthar.

6.4 Tá nóta treorach curtha le chéile ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí maidir le *Processing COVID-19 Vaccination Data in the context of Employment*. Tugann an treoir faoi deara "go measann an CCS, in éagmais comhairle shoiléir ó údaráis sláinte poiblí in Éirinn go bhfuil sé riachtanach do gach fostóir agus bainisteoir ar ionaid oibre stádas vacsaínithe fostaithe agus oibrithe a dhearbhú, is dócha gurb ionann próiseáil sonraí vacsaíne agus bailiú neamhriachtanach agus iomarcach sonraí, bailiú nach bhfuil aon bhunús dlí soiléir ann dó". Mar sin féin, déantar foráil sa nóta do chomhthéacsanna sonracha fostaíochta ina bhféadfadh bailiú faisnéise a bheith dleathach agus ina bhféadfaidh gach earnáil a treoir féin a eisiúint.

6.5 Beidh ar fhostóir leibhéal na sonraí pearsanta sa chatagóir speisialta a theastaíonn chun cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le sláinte agus sábháilteacht na foirne san ionad oibre a chinneadh ar bhonn cás ar chás. I gcónaí, ní mór bailiú agus próiseáil sonraí de chatagóir speisialta sonraí pearsanta a bheith riachtanach, comhréireach agus cosanta agus a bheith i gcomhréir leis an gcomhairle sláinte poiblí a bhaineann ag an am ar leith.

6.6 Ní mór don fhostóir gach doiciméad a bhaineann le hiarratais agus dearbhuithe a phróiseáil a choinneáil in éineacht leis na taifid phearsanra ábhartha ar bhealach sábháilte agus ar dóigh a thagann le beartas cosanta sonraí an fhostóra agus leis na rialacháin um chosaint sonraí. Féadfaidh oifigigh ainmnithe na Roinne na taifid seo a roghnú lena n-iniúchadh.

## 7. Scéim Saoire Thuismitheoireachta

**7.1 Nósanna imeachta maidir le hiarratais**

(a) Leis anScéim Saoire Thuismitheoireachta d'fhostaithe eilítear an Fhoirm Iarratais a chur isteach chuig an bhfostóir 6 seachtaine ar a laghad roimh an dáta tosaithe atá beartaithe

(b) Ba cheart d'fhostóirí, faoi Roinn 8(4) den Acht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 an ceanglas maidir le fógra 6 seachtaine d'iarratais ar Shaoire do Thuismitheoirí a tharscaoileadh nó a laghdú le linn na tréimhse sealadaí seo.

(c) Sa chás go dtarscaoiltear an ceanglas fógartha 6 seachtaine seo, ba chóir na spriocdhátaí atá sonraithe don Doiciméad Deimhniúcháin fostóra dá dtagraítear sa Scéim Saoire do Thuismitheoirí agus an ceanglas fógra 4 seachtaine don Roinn/BOO a choigeartú dá réir.

(d) Tá an t-athrú sealadach seo ar an Scéim Saoire do Thuismitheoirí i bhfeidhm suas go dtí an 23 Feabhra, 2022 agus lena n-áirítear. Tá téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire do Thuismitheoirí arna bhfoilsiú i gCiorcláin na Roinne i bhfeidhm tar éis an dáta seo.

7.2 **Pátrún na Saoire do Thuismitheoirí**

(a) Luaitear saScéim um Shaoire do Thuismitheoirí d'fhostaithe nuair a cheadaítear Saoire do Thuismitheoirí, nach mór leas a bhaint aisti i mbloic de sheachtain amháin ar a laghad suas go dtí uasmhéid de 26 seachtaine in aghaidh an linbh.

(b) Féadfaidh fostóir, tar éis na cúinsí a mheas, Saoire do Thuismitheoirí a cheadú i mbloic níos lú ná seachtain amháin, sa chás go bhfuil an fostaí i dteideal iarratas a dhéanamh ar Shaoire do Thuismitheoirí. Ní bhaineann an t-athrú sealadach seo ach le hiarratais ar Shaoire do Thuismitheoirí amach anseo, ó dháta an Nóta Faisnéise seo.

(c) Sula gceadaítear a leithéid de shocrú Saoire do Thuismitheoirí, ní mór don fhostóir agus don fhostaí patrún an tinrimh san ionad oibre a chomhaontú roimh ré, le linn na tréimhse ina bhfuil athrú sealadach ar an Scéim um Shaoire do Thuismitheoirí.

(d) I gcás scoileanna nach scoileanna BOO iad, nuair a cheadaíonn an fostóir iarratais ar Shaoire do Thuismitheoirí ar feadh níos lú ná bloic seachtaine, ba cheart sonraí na saoire seo a thaifeadadh ar an gCóras Éilimh Ar Líne (OLCS). Is féidir le fostóir Saoire do Thuismitheoirí a thaifeadadh ar laethanta ar leith ar an OLCS mar Chatagóir Saoire 'Saoire Teaghlaigh' agus Fochatagóir Saoire 'Patrún Speisialta de Shaoire do Thuismitheoirí i gCásanna Eisceachtúla' ina dhiaidh sin. Ní mór do scoileanna BOO an tsaoire seo a thaifeadadh ar a gcóras ábhartha BOO cuí.

(e) Tá an t-athrú sealadach seo ar an Scéim Saoire do Thuismitheoirí i bhfeidhm suas go dtí an 23 Feabhra, 2022 agus lena n-áirítear. Tá téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire do Thuismitheoirí arna bhfoilsiú i gCiorcláin na Roinne i bhfeidhm tar éis an dáta seo.

## 8 Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe

8.1 Tá an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe, atá á cur ar fáil faoi láthair ag Spectrum.Life, ar fáil mar acmhainn tacaíochta d'fhostaithe. Tá an líne chabhrach rúnda saor-fhóin (1800 411 057) ar fáil 24 uair sa lá, 365 lá sa bhliain.

## 9. Ciorclaíocht an Nóta Faisnéise

9.1 Cinntigh le do thoil go scaiptear an Nóta Faisnéise seo ar gach ball den Bhord Bainistíochta / Oideachais agus Oiliúna agus go gcuirtear a inneachar in iúl do gach múinteoir agus gach CRS i d'fhostaíocht, lena n-áirítear iad siúd atá ar chead neamhláithreachta.

9.2 Is féidir rochtain a fháil ar an Nóta Faisnéise seo ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag gov.ie.

**Clare Butler** **Sinéad Keenaghan**
**Principal Officer** **Príomh-Oifigeach**
**Téarmaí agus Coinníollacha Múinteoirí/CRS Rannóg** **An Rannóg Párolla**
**an 18 Eanáir 2022**

## Aguisín A

### Aguisín A – Iarratas ar Shaoire Speisialta le Pá

### (1) COVID-19: Féin-Aonarú or (2) COVID-19: Diagnóis

**Ba cheart an Fhoirm Iarratais a chomhlánú go hiomlán agus a chur faoi bhráid an fhostóra a luaithe is féidir. Caithfidh fianaise thacaíochta bheith in éineacht leis an bhfoirm chomhlánaithe, i.e toradh dearfach tástála antaigin nó PCR lena n-áirítear an dáta oiriúnachta chun filleadh ar an obair (má tá an dáta seo ar fáil).**

**Cuid 1 - Sonraí an Fhostaithe**

Ainm an Fhostaí: ________________________________ Uimhir Theagmhála: __________________

Seoladh baile: _______________________________________________________________

Seoladh R-phoist: _______________________________________________________________

UPSP: ___________________________________________________________________________

Ainm na scoile: ____________________________________Uimhir Rolla: _____________________

**Part 2 – Sonraí maidir le Saoire Speisialta le Pá**

Ba mhaith liom iarratas a dhéanamh ar shaoire speisialta le pá, ar an gcúis a léirítear thíos (cuir tic sa bhosca ábhartha).

Is fíor na nithe seo a leanas fúmsa:

- Tá airíonna COVID-19 orm. ☐
- Fuair mé.toradh dearfach tástála antaigine do COVID-19 ☐
- Toradh dearfach tástála PCR do COVID-19. ☐

Dáta Tosaigh (LL / MM / BBBB): ___________ Dáta Deiridh Measta (LL / MM / BBBB): ___________

**Dearbhú**
Is mian liom iarratas a dhéanamh ar Shaoire Speisialta le Pá de réir théarmaí agus choinníollacha Nóta Faisnéise 0001/2022 dar teideal ‘ (COVID-19)*: Socruithe nuashonraithe maidir le cúrsaí oibre agus saoire COVID-19 le linn na paindéime Covid-19 do Chúntóirí Riachtanais Speisialta arna bhfostú i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna aitheanta’.*

Tá fianaise tacaíochta ag gabháil leis an bhFoirm Iarratais chomhlánaithe.

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil san Fhoirm Iarratais fíor agus cruinn.

Síniú an Fhostaí: ________________________________ Dáta: ________________

**Cuid 3 - Taifead an Fhostóra**

(A) COVID-19 Féin-Aonrú:
Tá comharthaí COVID-19 á léiriú ag an bhfostaí ☐

(B) COVID-19 Féin-Aonrú:
Fianaise ar thástáil dhearfach antaigine do COVID-19 curtha ar fáil (40 bliain d'aois nó níos sine) ☐

(C) COVID-19 Diagnóis:
Fianaise tacaíochta ón FSS maidir le toradh dearfach na tástála PCR do COVID-19 arna cur ar fáil (dáta na tástála san áireamh) curtha ar fáil (tá gabháil den teachtaireacht téacs de chuid FSS inghlactha) ☐

(D) COVID-19 Diagnóis:
Maidir le fostaí 39 bliain d'aois nó níos óige, fianaise maidir le toradh tástála antaiginí COVID-19 dearfach (lena n-áirítear dáta tástála) (tá deimhniú FSS ar thaifead an fhostaí ar thairseach FSS inghlactha) ☐

(E) Taifead ina leith ar OLCS/córas BOO ábhartha faoi 'COVID-19: Féin-Aonarú' n*ó* 'COVID-19: Diagnóis' (de réir mar a oireann) ☐

Síniú: ________________________ Dáta: ______________________
(Fostaiteoir)

***NÍOR chóir an Fhoirm Iarratais/Doiciméid Tacaíochta a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais. Ba cheart iad a choinneáil sa scoil/BOO le haon doiciméadacht ábhartha eile chun críocha taifid agus iniúchta in éineacht leis na taifid phearsanra ábhartha.***

**Ráiteas Príobháideachais maidir le Cosaint Sonraí**

Is é an príomhchuspóir a éilíonn an Roinn ort na sonraí pearsanta seo a sholáthar do d'fhostóir chun do Shaoire Speisialta le Pá a phróiseáil. Coimeádfaidh d'fhostóir d'Fhoirm Iarratais agus na doiciméid a ghabhann léi de réir a bpolasaí Cosanta Sonraí. Tá tuilleadh eolais maidir leis an beartas seo ar fáil ach é a iarraidh ó d'fhostóir.

Is féidir an fógra príobháideachais ina leagtar amach tuilleadh eolais maidir leis an bhfoirm seo a fháil https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/gdpr/gdpr.html Tá sonraí iomlána faoi bheartas um chosaint sonraí na Roinne, ina leagtar amach conas a úsáidfimid do chuid sonraí pearsanta chomh maith le faisnéis maidir le do chearta mar ábhar sonraí, le fáil ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/. Tá sonraí faoin mbeartas agus faoin bhfógra príobháideachais seo le fáil freisin i gcóip chrua ón Rannóg Téarmaí agus Coinníollacha Múinteoirí/CRS, An Roinn Oideachais, Corr na

## Aguisín B

### Treoir d'Fhostóirí (le léamh i dteannta le Ciorclán 0042/2021)

### Cúrsaí oibre agus saoire COVID-19 do Chúntóirí Riachtanais Speisialta arna bhfostú i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna aitheanta

### Tábla 1 - COVID-19: Féin-Aonarú (féach Caibidil 2 mír 2.3 de Chiorclán 0042/2021)

| Uimh. | Cás | Stádas Saoire (faoi réir fianaise tacaíochta) | Ionadaí arna íoc ag an Roinn / BOO |
|---|---|---|---|
| 1. | Fostaí a bhfuil airíonna COVID-19 air | Tá feidhm agSaoire Speisialta le Pá (COVID-19: Féin-Leithlisiú) le linn na tréimhse seo.<br><br>Ní mór don fhostaí tástáil(í) antaigin a dhéanamh nó tástáil PCR a shocrú, (de réir mar is cuí) chomh luath agus is féidir. Tá fáil ar an an gcomhairle is déanaí ón FSS ag: https://www2.hse.ie/conditions/covid19/testing/get-tested/ | Tá |
| 2 | Fostaí atá 40 bliain d'aois nó níos óige agus a bhfuil toradh dearfach tástála antaigine do COVID-19 faighte aige. | Tá feidhm agSaoire Speisialta le Pá (COVID-19: Féin-Leithlisiú) le linn na tréimhse seo.<br><br>Ní mór don fhostaí tástáil PCR a shocrú chomh luath agus is féidir. | Tá |

### Tábla 2 - COVID-19: Diagnóis (féach Caibidil 2 mír 2.4 agus 2.5 de Chiorclán 0042/2021)

| Uimh. | Cás | Stádas Saoire (faoi réir fianaise tacaíochta) | Ionadaí arna íoc ag an Roinn / BOO |
|---|---|---|---|
| 1 | Fostaí atá 39 bliain d'aois nó níos óige agus a bhfuil toradh dearfach tástála antaigine do COVID-19 faighte aige, toradh a rinneadh a uaslódáil ar thairseach an FSS. | Tá feidhm ag Saoire Speisialta le Pá (Diagnóis: COVID-19) le linn na tréimshe seo, suas le 28 lá ar a mhéad.<br><br>Athraíonn fad na tréimhse féin-aonraithe, ag brath ar roinnt fachtóirí. Ní mór an chomhairle is déanaí ón FSS a leanúint: https://www2.hse.ie/conditions/covid19/testing/positive-result/<br><br>Sa chás go maireann an saoire speisialta le pá níos faide ná 28 lá, taifeadtar go bhfuil an fostaí as láthair ar Shaoire Bhreoiteachta, mura bhfuil feidhm ag na critéir mar a shonraítear iad faoi chás 2 thíos. | Tá |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Fearacht téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Bhreoiteachta, ní mór d'fhostóir fostaí a atreorú chuig SSC, i gcás é a bheith as láthair ar shaoire speisialta le pá ar feadh tréimhse 28 lá. | |
| 2. | Cuireadh fostaí ar an eolas faoi thoradh dearfach na tástála COVID-19. | Tá feidhm ag Saoire Speisialta le Pá (Diagnóis: COVID-19) le linn na tréimhse seo, suas le 28 lá ar a mhéad.<br><br>Athraíonn fad na tréimhse féin-aonraithe, ag brath ar roinnt fachtóirí. Ní mór an chomhairle is déanaí ón FSS a leanúint: https://www2.hse.ie/conditions/covid19/testing/positive-result/<br><br>Sa chás go maireann an saoire speisialta le pá níos faide ná 28 lá, taifeadtar go bhfuil an fostaí as láthair ar Shaoire Bhreoiteachta, mura bhfuil feidhm ag na critéir mar a shonraítear iad faoi chás 2 thíos.<br><br>Fearacht téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Bhreoiteachta, ní mór d'fhostóir fostaí a atreorú chuig SSC, i gcás é a bheith as láthair ar shaoire speisialta le pá ar feadh tréimhse 28 lá. | Tá |
| 3. | Cuireadh fostaí ar an eolas maidir le toradh dearfach na tástála PCR do COVID-19 (nó maidir le toradh dearfach tástála antaigine do COVID-19 dearfach dóibh siúd atá 39 bliain d'aois nó níos óige) agus tá sé fós as láthair tar éis na tréimhse 28 lá, mar a thuairiscítear sa tábla seo faoi chás 1 agus 2 thuas. | Féadfaidh an fostóir Saoire Speisialta le Pá a fhadú níos faide ná 28 lá nuair a chomhlíontar na critéir seo a leanas: -<br><br>Dheimhnigh an fostóir go raibh an fostaí san ionad oibre (faoi réir comhaontú roimh ré) le linn aon cheann de na 14 lá féilire sular thosaigh na comharthaí.<br>Chuir an fostaí fianaise shásúil leighis ar fáil don fhostóir maidir le dáta na tástála COVID-19 agus maidir le toradh dearfach na tástála PCR/antaigine sin.<br>Chuir SSC tuarascáil ar fáil don fhostóir ina luaitear:<br>i. go bhfuil an fostaí neamhfheidhmiúil, ó thaobh sláinte de, chun filleadh ar an obair<br>ii. baineann neamhláithreacht an fhostaí go príomha le breoiteacht leanúnach COVID-19<br>iii. tá an fostaí ag teacht ar chúram leighis cuí<br>Tá tuilleadh sonraí ar fáil ag Caibidil 2 mír 2.5 de Chiorclán 42/2021. | Tá |

## Table 3 – COVID-19: Gluaiseacht Shrianta (féach Caibidil 3 de Chiorclán 0042/2021)

| Ní raibh | Cás | Stádas Saoire (faoi réir fianaise tacaíochta) | Ionadaí arna íoc ag an Roinn / BOO |
|---|---|---|---|
| 1. | Fostaí nach bhfuil aon airíonna COVID-19 air gur dlúth-theagmhálaí é de chás dearbhaithe COVID-19. | (i) Ní bheidh feidhm ag Saoire Speisialta le Pá le linn na tréimhse seo. | Tá |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **Bunaithe ar an gomhairle reatha ón FSS, tá cúinsí teoranta ann ina gceanglaítear ar fhostaí srian a chur ar a gcuid gluaiseachtaí.** | (ii) sna cúinsí teoranta sin ina gceanglaítear ar fhostaí srian a chur ar a gcuid gluaiseachta ní féidir leis an bhfostaí freastal ar an ionad oibre agus tá sé ar Ghluaiseacht Shrianta ar feadh na tréimhse sonraithe. Is ann do thréimhsí éagsúla de ghluaiseachta shrianta, bunaithe ar roinnt fachtóirí. Tá fáil ar an an gcomhairle is déanaí ón FSS ag: https://www2.hse.ie/conditions/covid19/restricted-movements/restricted-movements/<br>Sa chás go bhfuil an fostaí oiriúnach ó thaobh míochaine le haghaidh oibre, ba cheart go n-éascófaí dó oibriú ón mbaile go cianda ar feadh na tréimhse (féach Caibidil 4 mír 4.6 *dar teideal* 'Socruithe Malartacha Oibre' de Chiorclán 0042/2021).<br>(iv) Mar mhalairt air sin, i gcás nach bhfuil an fostaí ábalta ó thaobh sláinte de, mar gheall ar bhreoiteacht nach COVID-19 í, obair go cianda, déantar iad a thaifeadadh mar as láthair ar Shaoire Bhreoiteachta le linn na tréimhse sin.<br>(v) Tá fáil ar an gcomhairle ón FSS maidir leis an gceanglas tástáil antaigine a dhéanamh le linn na tréimhse gluaiseachta siranta ag: https://www2.hse.ie/conditions/covid19/contact-tracing/close-contact/ | |
| 2. | Cuireadh fostaí le hairíonna COVID-19 ar an eolas faoi thoradh diúltach tástála COVID-19 agus tugann an FSS comhairle dó féin-leithlisiú a dhéanamh go dtí go mbeidh sé / sí 48 uair an chloig saor ó shíomptóim. | (i) Ní bheidh feidhm ag Saoire Speisialta le Pá le linn na tréimhse seo.<br>(ii) Sa chás go bhfuil an fostaí ar fónamh, go bhfuil na airíonna imithe agus é ag fanacht le deireadh na tréimhse 48 uair an chloig, ní féidir leo freastal ar an ionad oibre agus ba cheart iad a éascú oibriú ón mbaile don tréimhse seo (féach Caibidil 4 mír 4.6 dar teideal *'Socruithe Oibre Malartacha' de Chiorclán 0042/2021).* Féadfaidh an fostaí filleadh ar an ionad oibre nuair a bheidh sé / sí 48 uair an chloig saor ó shíomptóim.<br>(iii) Mar mhalairt air sin, i gcás nach bhfuil an fostaí oiriúnach ó thaobh míochaine chun obair ón mbaile, déantar iad a thaifeadadh mar as láthair ar Shaoire Bhreoiteachta le linn na tréimhse seo agus beidh téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Breoiteachta i bhfeidhm. | Tá |
| 3. | Chuaigh an fostaí thar lear.<br><br>Ón 19 Iúil 2021, tháinig comhairle agus rialacha nua maidir le taisteal idirnáisiúnta i bhfeidhm in Éirinn. Le haghaidh tuilleadh eolais maidir leis na rialacha nua, lena n-áirítear faisnéis maidir le Deimhniú Digiteach COVID an AE le haghaidh taistil de thionscnamh an AE/LEE, féach gov.ie ag an nasc seo**.** | (i) Ní bheidh feidhm ag Saoire Speisialta le Pá nuair a éilítear tréimhse choraintín ar filleadh don fhostaí go hÉirinn.<br>Ní mór d'fhostaí foráil a dhéanamh trí iarratas ar Shaoire Neamhíoctha de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha, mar a shonraítear i bhfoilseacháin na Roinne. Tá an tréimhse seo de Shaoire Neamhíoctha mar chuid den ghnáth-theidlíocht 10 lá scoile sa scoilbhliain.<br>Nuair nach éilítear tréimhse choraintín féadfaidh an fostaí freastal ar an ionad oibre. | Sea maidir leis an Saoire Neamhíoctha |

### Tábla 4 - COVID-19: Grúpa Fíor Ard-Riosca (féach Caibidil 4 mír 4.1 de Chiorclán 0042/2021)

| Uimh. | Cás | Stádas Saoire (faoi réir deimhniú sásúil liachta) | Ionadaí arna íoc ag an Roinn / BOO |
|---|---|---|---|
| 1. | Rinne SSC fostaí a chur sa chatagóir de dhaoine i riosca fíor-ard breoiteachta tromchúisí (an-leochaileach) má tholgann siad 19. | (i) Ní bheidh feidhm ag Saoire Speisialta le Pá le linn na tréimhse seo.<br>(ii) De réir chomhairle ón FSS, moltar d'fhostaí atá catagóirithe sa ghrúpa 'fíor-ard-riosca' clutharú a dhéanamh agus ní féidir leis freastal ar an ionad oibre.<br>(iii) Maidir le fostaithe atá ábalta ó thaobh sláinte de obair a dhéanamh, ba cheart go n-éascófaí dóibh obair go cianda (féach Caibidil 4 mír 4.6 '*Socruithe Malartacha Oibre' de* Chiorclán 0042/2021)<br>(iv) Maidr le fostaí a ndearna SSC measúnú air mar dhuine ábalta ó thaobh sláinte de obair a dhéanamh mar gheall ar bhreoiteacht neamh-COVID-19, beidh feidhm ag téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Breoiteachta. | Tá |
| 2. | iarrann fostaí, atá catagóirithe ag SCC mar dhuine atá i riosca fíor-ard breoiteachta tromchúisí má tholgann siad COVID-19, cead freastal ar an ionad oibre. | Ba cheart don fhostóir teagmháil a dhéanamh leis an Roinn chun tuilleadh comhairle a fháil trí r-phost a chur chuig: teachersna@education.gov.ie , | Ní bhaineann le hábhar |
| 3. | Moltar don fhostaí clutharú a dhéanamh roimh dul faoi chóireálacha leighis nó gnáthaimh máinliachta áirithe. Ní mór don fhostaí Ceistneoir um Mheasúnú Riosca COVID-19 SCC a chomhlánú chun go ndéanfar Tuarascáil sealadach maidir le'Catagóiriú Riosca Sláinte COVID-19' a sholáthar dó. | (i) Ní bheidh feidhm ag Saoire Speisialta le Pá le linn na tréimhse seo.<br>(ii) Fearacht an ghrúpa fíor-ardriosca, ní féidir leis an bhfostaí a mholtar dó clutharú freastal ar an ionad oibre.<br>(iii)Maidir le fostaithe atá ábalta ó thaobh sláinte de obair a dhéanamh, ba cheart go n-éascófaí dóibh obair go cianda ar feadh na tréimhse sonraithe dé réir na comhairle leighis, ar tréimhe 2 sheachtain é de ghnáth (féach Caibidil 4 mír 4.6 dar teideal *'Socruithe Oibre Malartacha' de* Chiorclán 0042/2021). Ní mór an tréimhse ama shealadach sin a r an tsaoire sin a thaifeadadh faoi 'Shaoire Phearsanta', 'fo-chatagóir', dar teideal 'COVID-19: Grúpa riosca Fíor-ard' nó ar an gcóras ábhartha BOO.<br>(iii) Mar mhalairt air sin, i gcás nach bhfuil an fostaí oiriúnach ó thaobh míochaine chun obair ón mbaile, déantar iad a thaifeadadh mar as láthair ar Shaoire Bhreoiteachta le linn na tréimhse seo agus beidh téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Breoiteachta i bhfeidhm. | Tá |

### Tábla 5 - COVID-19: Grúpa Ard-Riosca (féach Caibidil 4 mír 4.2 de Chiorclán 0042/2021)

| Uimh. | Cás | Stádas Saoire | Ionadaí arna íoc ag an Roinn / BOO |
|---|---|---|---|

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Tá an fostaí i mbaol mór breoiteachta tromchúisí má tholgann sé/sí COVID-19. | (i) Ní bheidh feidhm ag Saoire Speisialta le Pá le linn na tréimhse seo.<br>(ii) De réir chomhairle FSS, caithfidh fostaí sa ghrúpa 'ardriosca' nach bhfuil tinn freastal ar an ionad oibre Ba cheart don fhostaí sa ghrúpa 'ardriosca' a bheith níos cúramaí maidir le scaradh sóisialta agus sláinteachas láimhe agus úsáid trealaimh cosanta pearsanta a chleachtadh. Féach Caibidil 4 mír 4.2 de Chiorclán 0042/2021 maidir le Plean Freagartha COVID-19 san ionad oibre. | Ní bhaineann le hábhar |

## Tábla 6 - Fostaí a bhfuil freagrachtaí air maidir le cúraim nó nó maidir le cúraim leanaí atá nó atá ina chónaí le duine in ardriosca nó i riosca fíor-ard (féach Caibidil 4 mír 4.7 de Chiorclán 0042/2021)

| Uimh. | Cás | Stádas Saoire | Ionadaí arna íoc ag an Roinn / BOO |
|---|---|---|---|
| 1. | Is gá don fhostaí cúram a bhaineann le COVID-19 a sholáthar nó má tá sé ina chónaí le duine ardriosca nó riosca ard. | (i) Ní bheidh feidhm ag Saoire Speisialta le Pá le linn na tréimhse seo.<br>(ii) Tá fostaí ar mian leis leas a bhaint as teidlíochtaí saoire ábhartha atá ann cheana i dteideal a fhostóir a mheas (e.g. Saoire do Thuismitheoirí /Saoire Tuismitheora/Saoire Cúramóra) de réir théarmaí agus choinníollacha fhoilseacháin na Roinne. | Sea, sa chás go ndeonaítear saoire phearsanta/teaghlaigh |

## Tábla 7 - Vacsaíniú COVID-19 (féach Caibidil 1 mír 1.7 de Chiorclán 0042/2021)

| Uimh. | Cás | Stádas Saoire | Ionadaí arna íoc ag an Roinn / BOO |
|---|---|---|---|
| 1. | Tá coinne le haghaidh vacsaínithe/teanndáileoige COVID-19 ag an bhfostaí le linn uaireanta scoile. | (i) Ní bheidh feidhm ag Saoire Speisialta le Pá le linn na tréimhse seo.<br>(ii) Fearacht coinní míochaine eile déanfar an neamhláithreacht sin a thaifeadadh ar an gcóras ábhartha OLCS/BOO mar Shaoire Bhreoiteachta. | Tá |
| 2. | Bíonn fo-iarmhairtí ag an bhfostaí tar éis an vacsaínithe/na teanndáileoge COVID-19 agus níl sé in ann freastal ar an ionad oibre. | (i) Ní bheidh feidhm ag Saoire Speisialta le Pá le linn na tréimhse seo. Déanfaidh an fostóir an neamhláithreacht sin a thaifeadadh ar an gcóras ábhartha OLCS/BOO mar Shaoire Bhreoiteachta. | Tá |

## Aguisín C

## Ceisteanna Coitianta

Bunaithe ar athruithe ar chomhairle FSS – 14 Eanáir 2022

**1)** Tá airíonna COVID-19 orm **Cad ba chóir dom a dhéanamh?**
Caithfidh fostaí a bhfuil airíonna COVID-19 air féin-aonrú agus ní féidir leis freastal ar an scoil.

Sa chás go bhfuil fostaí d'aois 39 bliain d'aois agus níos óige:

(a) ba cheart dóibh tástálacha antaigine a úsáid. Ná cuir tástáil PCR in áirithe. Is féidir leis an bhfostaí tástálacha antaigine a ordú ar líne ón FSS idir 8am agus 8pm. Ba cheart d'aon duine ar a bhfuil bunriocht sláinte agus airíonna COVID-19, dul i dteagmháil lena ndochtúir teaghlaigh.

(b) 40 bliain nó níos sine, déan tástáil PCR do COVID-19 a chur in áirithe.

**2)** Tá toradh dearfach tástála antigine agam. **Cad ba chóir dom a dhéanamh?**
Ní mór d'fhostaí a bhfuil toradh toradh dearfach tástála antigine aige é féin a aonrú agus ní féidir leis freastal ar scoil.

Sa chás go bhfuil fostaí d'aois 39 bliain d'aois agus níos óige:

(a) 39 bliain agus níos óige, tuairiscíonn siad an toradh dearfach tástála antaigine do COVID-19 seo ar an tairseach FSS. Ní mór don fhostaí deimhniú ar an taifead FSS seo a sholáthar láithreach dá fhostóir, mar fhianaise tacaíochta ar Shaoire Speisialta le Pá. Ní cheanglaítear orthu tástáil PCR a chur in áirithe. Ba cheart d'aon duine ar a bhfuil bunriocht sláinte agus airíonna COVID-19, dul i dteagmháil lena ndochtúir teaghlaigh. Maidir le scoileanna nach scoileanna BOO iad, déanann an fostóir an tsaoire sin a thaifeadadh faoi 'Shaoire Phearsanta', 'fo-chatagóir', dar teideal 'COVID-19: Diagnóis i gcomhréir le Ciorclán 0042/2021. Ní mór do scoileanna BOO an tsaoire seo a thaifeadadh ar a gcóras ábhartha BOO cuí.

(b) 40 bliain nó níos sine, féadfaidh an fostóir glacadh le toradh dearfach tástála antaigine (m.sh. grianghraf) mar fhianaise tacaíochta (níl sé riachtanach an toradh tástála antaigin seo a uaslódáil chuig tairseach an FSS), don tréimhse tosaigh de Shaoire Speisialta le Pá (féin-aonrú). Ní mór d'fhostaí san aoisghrúpa seo a bhfuil toradh dearfach tástála antaigine aige, tástáil PCR COVID-19 a shocrú láithreach agus toradh na tástála PCR a chur in iúl don fhostóir, lena n-áirítear dáta na tástála. Ní mór fianaise de thoradhdearfach tástála PCR a bheith mar thaca chun leanúint de Shaoire Speisialta le Pá don aoisghrúpa seo. I gcás scoileanna nach scoileanna BOO iad déantar an tréimhse saoire tosaigh seo a thaifeadadh ar an OLCS faoi 'Saoire Phearsanta', fochatagóir dar teideal 'COVID-19: Féin-Aonrú' i gcomhréir le Ciorclán 0042/2021. Ní mór do scoileanna BOO an tsaoire seo a thaifeadadh ar a gcóras ábhartha BOO cuí.

Tá sé de fhreagracht ar an bhfostóir a bheith sásta leis an bhfianaise maidir le torthaí na tástála COVID-19 a chuir an fostaí ar fáil, sular féidir Saoire Speisialta le Pá a cheadú.

**3) Is dlúth-theagmhálaí mé. An gá dom mo ghluaiseachtaí a shrianadh?**
Ní gá do go leor fostaithe atá ina ndlúththeagmhálaithe srian a chur ar a ngluaiseachtaí a thuilleadh toisc gurbh ann anois do thréimhsí éagsúla de ghluaiseachta shrianta, bunaithe ar roinnt fachtóirí, a bhfuil feidhm acu maidir le cúinsí aonair an fhostaí. Tá an chomhairle is déanaí ó FSS maidir le dlúththeagmhálaithe le fáil ag: https://www2.hse.ie/conditions/covid19/contact-tracing/close-contact/.

Nuair is dlúththeagmhálaí fostaí nach bhfuil airíonna COVID-19 air agus sna cúinsí teoranta sin ina gceanglaítear air srian a chur ar a gcuid gluaiseachta, ní féidir leo freastal ar an ionad oibre. Fanann an fostaí ar fáil chun oibre agus ní mór don fhostóir é a éascú don fhostóir oibriú ón mbaile le linn na tréimhse seo, mar atá leagtha amach i gCiorclán 0042/2021, mír 4.6, (Socruithe Malartacha Oibre).

**4) Is dlúth-theagmhálaí mé agus tá sé de cheangal orm srian a chur ar mo chuid gluaiseachtaí. Cén fhianaise a chaithfidh mé a sholáthar do m'fhostóir?**
Is mar seo a leanas an fhianaise a fhéadfaidh fostóir a ghlacadh. chun tacú le hiarratas an fhostaí oibriú ón mbaile, mar gheall ar an gceanglas atá orthu srian a chur ar a gcuid gluaiseachtaí:

a) Cóip den fhógra teachtaireachta téacs ón FSS ábhartha don fhostaí ina ndeirtear gur dlúth-theagmhálaí é de chás dearbhaithe COVID-19 (bunaithe ar thoradh dearfach na tástála **PCR** do COVID-19).
b) Cóip den fhógra teachtaireachta téacs ón FSS ábhartha don fhostaí ina ndeirtear gur dlúth-theagmhálaí é de chás dearbhaithe COVID-19 (bunaithe ar thoradh dearfach na tástála **antaigine** do COVID-19).
c) D'fhéadfadh cúinsí teoranta a bheith ann, sa chás go bhfuil fostaí ag fanacht ar fhógra FSS, agus sa chás seo tá sé de fhreagracht ar an bhfostóir a bheith sásta leis an deimhniú cuí a sholáthraíonn an fostaí, sular féidir obair ón mbaile a cheadú.

**5) Tá mé 40 bliain d'aois nó níos sine agus tá airíonna COVID-19 agam ach nílim in ann teacht ar thástáil PCR FSS. Cad ba chóir dom a dhéanamh?**
Fostaí a bhfuil airíonna COVID-19 air agus nach féidir leis freastal ar an scoil.

I gcás scoileanna nach scoileanna BOO iad, déantar an tsaoire seo a thaifeadadh faoi 'Shaoire Phearsanta', 'fo-chatagóir', dar teideal 'COVID-19: Féin-Aonrú' i gcomhréir le Ciorclán 0042/2021. Ní mór do scoileanna BOO an tsaoire seo a thaifeadadh ar a gcóras ábhartha BOO cuí.

Beidh ar an bhfostaí atá ag féin-aonrú socruithe a dhéanamh do thástáil PCR COVID-19 a luaithe is féidir agus ní mór dó an fostóir a chur ar an eolas faoi thoradh tástála PCR COVID-19 chomh luath agus a fhaigheann sé é.

6) **Chuir an FSS toradh dearfach tástála PCR in iúl dom. Cad é an tréimhse leithlisithe?**

Maidir le fostaí ar cuireadh ar an eolas maidir le toradh dearfach tástála PCR caithfidh sé/sí an chomhairle is déanaí ón FSS maidir le tréimhsí féin-aonraithe a leanúint toisc gur féidir go n-athraíonn siad seo. I gcás fhormhór na bhfostaithe, tá an tréimhse féin-aonraithe seo laghdaithe ó 10 lá ar a laghad go dtí 7 lá ar a laghad, ag brath ar chúinsí aonair an fhostaí. Féach an nasc FSS ag: https://www2.hse.ie/conditions/covid19/testing/positive-result/

7) **Tá toradh dearfach tástála antaigine faighte agam. Cad é an tréimhse leithlisithe?**

Maidir le fostaí ar cuireadh ar an eolas maidir le toradh dearfach tástála PCR caithfidh sé/sí an chomhairle is déanaí ón FSS maidir le tréimhsí féin-aonraithe a leanúint toisc gur féidir go n-athraíonn siad seo. I gcás fhormhór na bhfostaithe, tá an tréimhse féin-aonraithe seo laghdaithe ó 10 lá ar a laghad go dtí 7 lá ar a laghad, ag brath ar chúinsí aonair an fhostaí.

8) **Is dlúth-theagmháil mé le duine a bhfuil toradh dearfach tástála antaigine faighte aige. Cad ba chóir dom a dhéanamh?**

Ní gá do go leor fostaithe atá ina ndlúththeagmhálaithe srian a chur ar a ngluaiseachtaí a thuilleadh toisc gurbh ann anois do thréimhsí éagsúla de ghluaiseachta shrianta, bunaithe ar roinnt fachtóirí, a bhfuil feidhm acu maidir le cúinsí aonair an fhostaí. Tá an chomhairle is déanaí ó FSS maidir le dlúththeagmhálaithe le fáil ag: https://www2.hse.ie/conditions/covid19/contact-tracing/close-contact/.

Nuair is dlúththeagmhálaí fostaí nach bhfuil airíonna COVID-19 air agus sna cúinsí teoranta sin ina gceanglaítear air srian a chur ar a gcuid gluaiseachta, ní féidir leo freastal ar an ionad oibre. Fanann an fostaí ar fáil chun oibre agus ní mór don fhostóir é a éascú don fhostóir oibriú ón mbaile le linn na tréimhse seo, mar atá leagtha amach i gCiorclán 0042/2021, mír 4.6 (Socruithe Malartacha Oibre).

Féach ceist 4 thuas le haghaidh tuilleadh sonraí maidr leis an bhfianaise atá le cur ar fáil don fhostóir.

9) **Fuarthas amach go raibh Covid-19 orm agus tá an féin-aonrú a theastaíonn ó FSS críochnaithe agam, ach táim tinn fós. An féidir liom fanacht as láthair ar saoire speisialta le pá?**

Má leanann na hairíonna i ndiaidh tréimhse féin-aonraithe arna moladh ag an FSS, féadfaidh an fostaí leanúint de leas a bhaint as an saoire 'COVID-19: Diagnóisiú', faoi réir deimhnithe leighis iomchuí agus faoi réir na srianta atá ann cheana.

Ní áireofar saoire speisialta le pá arna dheonú ag an bhfostóir mar chuid de thaifead Saoire Bhreoiteachta an fhostaí.